

# An Fiosraitheoir

## TASC 1: AG FIOSRÚ FOCAL

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le d'fhéach mé?  
(a) D'imir mé  
(b) D'amharc mé  
(c) D'fhoghlaim mé
2. Tá an frása isteach le mo lámh i véarsa 2. An bhfuil slí eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le d'oscail mé?  
(a) Scrios mé  
(b) Rinne mé  
(c) Dhún mé
4. Bhí geansaí spóirt sa mhála. Ainmnigh 3 bhall éadaí spóirt eile.

## TASC 2: AG FIOSRÚ FEASA

1. Cad é príomhábhar an téacs seo?
2. Cad a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin spéisiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Tá do chuid éadaí spóirt féin go léir salach sa mhála spóirt – cad a dhéanfaidh tú?
5. Cad a tharla nuair a chuaigh an scríbhneoir chuig an gcluiche, dar leat?



# TAISCE TUISCEANA



## Mo Gheansaí Spóirt



# Mo Gheansaí Spóirt

D'oscail mé mo mhála spóirt,  
Is d'fhéach mé isteach.  
Is beag nár leag an boladh mé,  
Boladh gránna ag teacht amach!

Chuir mé mo lámh sa mhála,  
Is rug mé ar mo bhróga.  
Anois! Cá bhfuil mo chuid éadaí?  
Isteach le mo lámh arís – mise atá cróga!

Amach le mo gheansaí,  
Geansaí a bhí bán.  
Agus féach ar mo chuid stocaí,  
Bhuel, stoca amháin.

Anois cad a dhéanfaidh mé?  
Tá cluiche agam ar a trí.  
Ná bac leis an bholadh,  
Níl am agam iad a ní!

*Mary Kavanagh*



# Ceisteanna

- 1. Cad a bhí sa mhála?**
  - (a) Éide scoile
  - (b) Éadaí spóirt
  - (c) Leabhair
- 2. Cé acu líne a insíonn dúinn nach raibh na rudaí glan sa mhála?**
  - (a) Amach le mo gheansaí
  - (b) Boladh gránna ag teacht amach
  - (c) Isteach le mo lámh arís
- 3. Cé acu líne a insíonn dúinn go raibh an boladh fíor-olc sa mhála?**
  - (a) Is rug mé ar mo bhróga
  - (b) Amach le mo gheansaí
  - (c) Is beag nár leag an boladh mé
- 4. Cén fáth a bhfuil an scríbhneoir 'cróga' i véarsa 2, dar leat?**
  - (a) Níl eagla ar an scríbhneoir roimh aon rud
  - (b) Bhí an boladh sa mhála chomh holc sin
  - (c) Bhí deifir ar an scríbhneoir
- 5. Conas atá a fhios againn nach raibh gach rud ann?**
  - (a) Ní raibh ann ach geansaí amháin
  - (b) Ní raibh ann ach boladh
  - (c) Ní raibh ann ach stoca amháin
- 6. Cé acu véarsa a insíonn dúinn go raibh an scríbhneoir faoi dheifir?**
  - (a) Véarsa 1
  - (b) Véarsa 2
  - (c) Véarsa 4
- 7. Tá an focal bán i véarsa 3 in úsáid mar:**
  - (a) aidiacht.
  - (b) briathar.
  - (c) ainmfhocal.
- 8. Cén sórt téacs é seo?**
  - (a) Dialann
  - (b) Dán
  - (c) Finscéal